



COMHAIRLE
AN AONTAIS EORPAIGH

An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2008 (12.06)
(OR. en)

Comhad Idirinstiúideach:
2007/0098 (COD)

10159/08
ADD 2

TRANS 179
CODEC 693

AGUISÍN A GHABHANN LEIS AN TUARASCÁIL

ó: an Uachtaránacht

chuig: AN CHOMHAIRLE

Uimh. an doic. roimhe seo: 10067/08 TRANS 175 CODEC 681

Uimh. an Tog. ón gCoim.: 10114/1/07 TRANS 194 CODEC 602 + REV 1 (en, fr, de)

Ábhar: **Iompar de bhóthar**

Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an **oibreora iompair de bhóthar** a chleachtadh

- *Comhaontú Polaitiúil*

Gheobhaidh na Toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, téacs an dréacht-Rialacháin, lena n-áirítear téacsanna comhréitigh na hUachtaránachta, ar téacs é a thugann léargas ar an bplé a rinneadh ag COREPER.

Aon téacs atá nua, i gcomórtas lena raibh i doic. 9816/08 ADD2, tá sé i **gcló trom** agus tá ~~líne tríd~~ aon téacs a scriosadh.

Forchoimeádas grinnscrúdaithe ginearálta: gach toscaireacht.

Forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte: DK, MT agus UK.

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le
comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, go háirithe d'Airteagal 71(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh³,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Éilíonn cur i gcrích an mhargaidh inmheánaigh iompair de bhóthar lena ngabhann dálaí córa iomaíochta go ndéanfaí rialacha comhchoiteanna a chur i bhfeidhm go comhionann maidir le ligean isteach i ngairm an oibreora tharlaithe de bhóthar agus an oibreora iompair phaisinéirí de bhóthar, dá ngairtear "gairm an oibreora iompair de bhóthar" anseo feasta. Cuideoidh na rialacha comhchoiteanna sin le leibhéal níos airde cáilíochta gairmiúla a bhaint amach i measc oibreoirí iompair, cuideoidh siad le cuíchóiriú an mhargaidh agus le feabhsú cháilíocht na seirbhíse a thugtar, ar mhaithe le hoibreoirí iompair, lena gcustaiméirí agus leis an ngeilleagar ina iomláine, mar aon le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Déanfaidh siad feidhmiú éifeachtach cheart bunaíochta na n-oibreoirí iompair a éascú freisin.

¹ IO C [...], [...], lch. [...].

² IO C [...], [...], lch. [...].

³ IO C [...], [...], lch. [...].

- (2) Le Treoir 96/26/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le ligean isteach i ngairm an oibreora tharlaithe de bhóthar agus an oibreora iompair phaisinéirí de bhóthar agus maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do dhioplómaí, do dheimhnithe agus do chruthúnais eile ar cháilíochtaí foirmiúla a cheaptar chun feidhmiú na saoirse bunaíochta in oibríochtaí iompair náisiúnta agus idirnáisiúnta a éascú do na hoibreoírí sin⁴, leagadh síos coinníollacha íosta i dtaca le ligean isteach i ngairm an oibreora iompair de bhóthar mar aon le coinníollacha íosta i dtaca leis na doiciméid a cheanglaítear a sholáthar chun na críche sin. Léiríonn an taití, an measúnú tionchair a rinneadh agus staidéir éagsúla, áfach, nach ionann ar chor ar bith an chaoi a gcuirtear an Treoir sin i bhfeidhm sna Ballstáit éagsúla. Tá roinnt iarmhairtí diúltacha ag na difríochtaí atá i gceist sa chur i bhfeidhm sin, go háirithe saobhadh na hiomaíochta, easpa trédhearcachta sa mhargadh, easpa comhionannais maidir le monatóireacht agus an baol go mbeadh gnóthais a bhfuil leibhéal íseal cáilíochta gairmiúla acu faillíoch nó gur lú a chomhlíonfaidís rialacha sábháilteachta bóthair agus rialacha leasa shóisialaigh, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'íomhá na hearnála.
- (3) Is mór fós an dochar atá sna hiarmhairtí sin sa mhéid is go bhféadfaidís cur isteach ar dhea-oibriú an mhargaidh inmheánaigh iompair de bhóthar mar tá an margadh in iompar idirnáisiúnta earraí agus in oibríochtaí cabatáiste áirithe oscailte do ghnóthais ar fud an Chomhphobail. Is é an t-aon choinníoll a fhorchuirtear ar na gnóthais sin go mbeadh ceadúnas Comhphobail acu, ceadúnas is féidir a fháil ach na coinníollacha maidir le ligean isteach sa ghairm a chomhlíonadh, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh.../... maidir le hiompar earraí de bhóthar agus Rialachán (CE) Uimh.../... maidir le hiompar paisinéirí.
- (4) Is iomchuí dá bhrí sin go ndéanfaí na rialacha atá ann cheana maidir le ligean isteach i ngairm an oibreora iompair de bhóthar a nuachóiriú d'fhonn a áirithiú gur comhionainne agus gurb éifeachtaí a chuirfeadh i bhfeidhm iad. De bhrí gurb é comhlíonadh na rialacha sin an príomhchoinníoll lena rialaítear rochtain ar mhargadh an Chomhphobail agus toisc gurb iad na Rialacháin na hionstraimí Comhphobail atá infheidhme sa réimse sin, is dealraitheach gurb é an Rialachán an ionstraim is iomchuí chun ligean sa ghairm a rialú.

⁴ IO L 124, 23.05.96, lch. 1. Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2006/103/CE (IO L 363, 20.12.2006, lch. 344).

- (4a) Ba cheart go gceadófaí do na Ballstáit na coinníollacha a oiriúnú a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh sna réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 299(2) de Chonradh CE, mar gheall ar na saintréithe speisialta atá acu agus mar gheall ar na srianta speisialta atá orthu.

Níor cheart, áfach, go bhféadfadh na gnóthais a bunaíodh sna réigiúin sin, ar gnóthais iad a chomhlíonann na coinníollacha chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh i gcomhréir leis an oiriúnú a sonraíodh anseo roimhe seo amháin, ceadúnas Comhphobail a fháil.

Níor cheart go dtabharfaí le tuiscint go mbeadh oiriúnú na gcoinníollacha chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh ina bhac ar na gnóthais a ligfí isteach i ngairm an oibreora iompair de bhóthar na coinníollacha ginearálta uile a luadh sa Rialachán seo a chomhlíonadh chun a bheith ábalta oibríochtaí iompair a dhéanamh sa réigiún réamhluaite.

- (5) Ar mhaithe le hiomaíocht chóir, ba cheart go mbeadh feidhm ag na rialacha comhchoiteanna i dtaobh chleachtadh na gairme maidir le gach gnóthas, a mhéid is féidir. Ní gá, áfach, go n-áireofaí sa Rialachán seo gnóthais nach ndéanann ach oibríochtaí iompair ar fíorbheag an tionchar a bhíonn acu ar an margadh iompair.
- (6) Ba cheart gurbh ar an mBallstát bhunaíochta a bheadh an fhreagracht a fhíorú go gcomhlíonadh gnóthas na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo gach tráth ionas go bhféadfadh an Ballstát a bheadh i gceist cinneadh a dhéanamh, dá mba ghá, na húdaruíthe lena gceadaítear don ghnóthas sin oibriú sa mhargadh a fhionraí nó a tharraingt siar. Caithfidh bunús cobhsaí éifeachtach a bheith ag gnóthais i dtosach chun go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le ligean isteach sa ghairm agus chun go bhféadfaí monatóireacht a dhéanamh orthu ar bhealach iontaofa.
- (7) Ba cheart na daoine nádúrtha a bhfuil an dea-cháil is gá orthu agus a bhfuil an inniúlacht ghairmiúil is gá acu a shainiú go soiléir agus iad a ainmniú do na húdaráis inniúla. Ba cheart gurbh iad na daoine sin, dá ngairtear "bainisteoirí iompair", na daoine a stiúireann gníomhaíochtaí iompair na ngnóthas iompair de bhóthar ar bhonn leanúnach, éifeachtach. Is iomchuí a shonrú cad iad na coinníollacha faoina measfar duine a bheith ag bainistiú gníomhaíochta iompair i ngnóthas ar bhonn leanúnach, éifeachtach.

- (8) Éilíonn an coinníoll maidir le dea-cháil bainisteoirí iompair nár thabhaigh siad ciontuithe coiriúla tromchúiseacha ná smachtbhannaí tromchúiseacha, go háirithe i dtaca le rialacha Comhphobail i réimse an iompair de bhóthar a shárú. Maidir le hionchúiseamh nó pionóis a thabhaigh bainisteoir iompair de bhóthar nó gnóthas iompair de bhóthar i mBallstát amháin nó níos mó mar gheall ar na sáruithe is tromchúisí ar rialacha an Chomhphobail, ba cheart go gcaillfí dea-cháil mar thoradh air sin ar choinníoll go bhfionnfadh an t-údarás inniúil gur tharla nós imeachta imscrúdaithe a cuireadh i gcrích agus a doiciméadaíodh go cuí sula ndearnadh cinneadh críochnaitheach, lenar deonaíodh cearta fíor-riachtanacha nós imeachta, agus gur urramaíodh cearta iomchuí achomhairc. [...]
- (9) Caithfidh leibhéal íosta seasaimh airgeadais a bheith ag gnóthas iompair de bhóthar chun an gnóthas a chur ar bun agus a riar i gceart. Fágann an modh atá ann faoi láthair, modh atá bunaithe ar thairseach íosta caipítíl agus cúltaca, go mbíonn go leor éiginnteachta ann i dtaobh na n-acmhainní airgeadais atá le cur san áireamh agus ní thugann sé aon ráthaíocht go mbeidh an cumas ag gnóthas a cheangaltais ghearrthéarmacha a chomhlíonadh. Is cuí leas a bhaint as táscairí airgeadais eile a bhfuil sainmhíniú níos fearr déanta orthu agus atá níos ábhartha, agus a d'fhéadfaí a bhunú ar bhonn na gcuntas bliantúla. Ba cheart go mbeadh deis ag gnóthais ar mian leo déanamh amhlaidh a seasamh airgeadais a léiriú trí ráthaíocht bhaine, a d'fhéadfadh a bheith níos simplí agus níos neamhchostasáí mar mhodh do na gnóthais sin.

- (10) Ba cheart go ndéanfadh ardleibhéal cáilíochta gairmiúla éifeachtacht shocheacnamaíoch na hearnála iompair de bhóthar a fheabhsú. Is cuí, dá bhrí sin, go gcuirfí oiliúint ardchaighdeán ar iarrthóirí do phoist mar bhainisteoirí iompair. Is cuí foráil a dhéanamh go ndéanfadh na Ballstáit ionaid scrúdaithe agus oiliúna a chreidiúnú, de réir critéar a shaineoidh siad féin, d'fhonn níos mó comhionannais a áirithiú sna coinníollacha oiliúna agus scrúdaithe mar aon le trédhearcacht i dtaca le hiarrthóirí. Mar gheall ar fhorais chothromais agus trédhearcachta, is cuí freisin go mbeadh ar na hiarrthóirí go léir scrúdú a dhéanamh, lena n-áirítear iarrthóirí a d'fhéadfaí a dhíolmhú ón oiliúint tosaigh éigeantach toisc taithí nó dioplóma a bheith acu. Ó cuireadh an margadh inmheánach i gcrích, ní margaí ar leithligh iad na margaí náisiúnta a thuilleadh. Dá bhrí sin, ba cheart do dhaoine a bheidh freagrach as gníomhaíochtaí iompair a bhainistiú an t-eolas is gá a bheith acu chun oibríochtaí iompair náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhainistiú. Is dóigh go n-athróidh liosta na n-ábhar a gceanglaítear eolas a bheith orthu chun deimhniú inniúlachta gairmiúla a fháil mar aon leis na nósanna imeachta maidir le heagrú na scrúduithe, bonn ar bhonn leis an dul chun cinn teicniúil, agus ba cheart foráil a dhéanamh maidir lena dtabhairt cothrom le dáta.
- (11) Éilíonn iomaíocht chóir agus córas iompair de bhóthar a chomhlíonann na rialacha go hiomlán go mbeidh leibhéal comhionann monatóireachta ag na Ballstáit. Maidir leis na húdaráis náisiúnta atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar ghnóthais agus ar bhailíocht a n-údaruithe, tá ról fíorthábhachtach acu agus is cuí a áirithiú go ndéanfaidís bearta leordhóthanacha a ghlacadh más gá, go háirithe trí údaruithe a fhionraí nó a tharraingt siar, nó trí mhí-oiriúnacht bainisteoirí iompair atá faillíoch nó a bhíonn ag gníomhú de mheon mímhacánta a dhearbhu. Ba cheart rabhadh a thabhairt roimh ré do ghnóthas agus ba cheart tréimhse ama réasúnta a thabhairt dó chun a staid a chur ina cheart sula dtabhódh sé smachtbhannaí den sórt sin.

- (12) Chuirfeadh comhar riaracháin níos eagraithe idir Bhallstáit feabhas ar éifeachtacht na monatóireachta a dhéantar ar na gnóthais atá ag oibriú i roinnt Ballstát agus laghdódh sé na costais riaracháin. Dhéanfaidh cláir leictreonacha gnóthas a d'idirnascafaí ar fud an Chomhphobail, agus rialacha Comhphobail maidir le cosaint sonraí pearsanta á gcomhlíonadh, an comhoibriú sin a éascú agus an costas a bhaineann le rialuithe a laghdú do na gnóthais agus do na riaracháin araon. Tá cláir leictreonacha náisiúnta ann cheana féin i bhformhór na mBallstát. Tá an bonneagar ann cheana féin freisin le haghaidh an idirnasctha idir Bhallstáit. D'fhéadfaí, dá bharr sin, úsáid níos córasaí a bhaint as na cláir náisiúnta gnóthas sin agus as a n-idirnascadh ar fud an Chomhphobail ar chostas níos ísle, agus chuirfeadh an úsáid sin go mór le laghdú ar chostais riaracháin seiceálacha agus lena n-éifeachtacht a fheabhsú.
- (13) Is sonraí pearsanta iad roinnt de na sonraí atá sna cláir sin a bhaineann le sáruithe agus le smachtbhannaí. Caithfidh na Ballstáit, dá bhrí sin, na bearta is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin⁵, go háirithe maidir le monatóireacht ag údarás poiblí ar phróiseáil na sonraí sin, ceart na ndaoine lena mbaineann chun faisnéis a fháil, a gceart rochtana agus a gceart agóide. Chun críocha an Rialacháin seo, dhealródh sé gur ghá sonraí den chineál sin a choinneáil ar feadh dhá bhliain ar a laghad chun a áirithiú nach ndéanfaidh gnóthais dhícháilithe iad féin a bhunú i mBallstáit eile.
- (14) Tá idirnascadh na glár náisiúnta riachtanach chun malartú tapa éifeachtach faisnéise idir Bhallstáit a chumasú agus chun a áirithiú nach gcuirfí cathú ar oibreoirí iompair sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh i mBallstáit eile seachas a dtír bhunaíochta nó chun nach rachadh siad san amhantar lena ndéanamh. Éilíonn idirnascadh den sórt sin go saineofaí go comhpháirteach formáid shonrach do na sonraí a bheidh le malartú agus na nósanna imeachta teicniúla malartaithe sonraí.

⁵ IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

- (15) D'fhonn malartú faisnéise éifeachtach idir Bhallstáit a áirithiú, ba cheart pointí teagmhála náisiúnta a ainmniú agus ba cheart nósanna imeachta comhchoiteanna áirithe a shonrú i dtaca le teorainneacha ama agus i dtaca leis an bhfaisnéis íosta a bheidh le cur ar aghaidh.
- (16) D'fhonn saoirse bunaíochta a éascú, ba cheart go nglacfaí le doiciméid chúí a d'eiseodh údarás inniúil i dtír thionscnaimh an oibreora iompair de bhóthar mar chruthúnas leordhóthanach ar dhea-cháil maidir le ligean isteach sna gníomhaíochtaí a bheidh i gceist i mBallstát ósta, ar choinníoll gur féidir a fhionnadh nár dearbhaíodh na daoine lena mbaineann ina ndaoine atá mí-oiriúnach chun an ghairm a chleachtadh sna Ballstáit óna dtagann siad.
- (17) Maidir le hinniúlacht ghairmiúil, ba cheart don Bhallstát bunaíochta a mheas gur cruthúnas leordhóthanach é deimhniú eiseamláireach aonair a eiseofar i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo, d'fhonn saoirse bunaíochta a éascú.
- (18) Ceanglaítear monatóireacht níos géire a dhéanamh ar chur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo ar leibhéal an Chomhphobail, rud a chiallaíonn go gcaithfidh an Coimisiún tuarascálacha tráthrialta a chur ar aghaidh maidir le dea-cháil, seasamh airgeadais agus inniúlacht ghairmiúil ghnóthais na hearnála iompair de bhóthar a tharraingeofar suas ar bhonn na gclár náisiúnta.
- (19) Ba cheart go ndéanfaidh na Ballstáit foráil do phionóis a bheadh infheidhme maidir le sárúithe ar fhorálacha an Rialacháin seo. Ba cheart go mbeadh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
- (20) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit féin cuspóirí an ghnímh a bheartaítear a bhaint amach go leordhóthanach, eadhon nuachóiriú na rialacha lena rialaítear ligean isteach i ngairm an oibreora iompair de bhóthar d'fhonn a áirithiú go gcuirfead i bhfeidhm níos comhionainne agus níos inchomparáide sna Ballstáit iad, agus dá bhrí sin gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar mar is gá chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

- (21) Ba cheart na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún⁶.
- (22) Ba cheart, go háirithe, an Coimisiún a údarú chun liosta a tharraingt suas de chatagóirí, de chineálacha agus de leibhéal tromchúise na sáruithe a chuirfeadh faoi deara go gcaillfeadh oibreoirí iompair de bhóthar an dea-cháil is gá, an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil i dtaobh an eolais a bheidh le cur i gcuntas ag na Ballstáit agus inniúlacht ghairmiúil á n-aithint acu, mar aon leis an Iarscríbhinn i ndáil le múnla an deimhnithe inniúlachta gairmiúla agus liosta a tharraingt suas de na sáruithe uasta a chuirfidh faoi deara go ndéanfaí údarú chun an ghairm a chleachtadh a fhionraí nó a tharraingt siar nó go n-eiseofaí dearbhú mí-oiriúnachta. Ó tharla go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus gur le haghaidh eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú a ceapadh iad nó le haghaidh é a fhorlónadh trí mhíreanna nua neamhriachtanacha a chur leis, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE. Ar chúiseanna éifeachtúlachta, ba cheart na teorainneacha ama a bheadh infheidhme go hiondúil maidir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a ghiorrú maidir leis an deimhniú eiseamláireach inniúlachta gairmiúla a thabhairt cothrom le dáta.
- (23) Ba cheart Treoir 96/26/CE a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

⁶ IO L 184, 17.07.99, lch. 23. Treoir arna leasú le Treoir 2006/512/CE (IO L 200, 22.7.2006, lch. 11).

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1 *Ábhar agus raon feidhme*

1. Rialaítear leis an Rialachán seo ligean isteach i ngairm an oibreora iompair de bhóthar agus cleachtadh na gairme sin.
2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na gnóthais go léir atá bunaithe sa Chomhphobal agus atá ag gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar. Beidh feidhm aige freisin maidir le gnóthais a bhfuil sé ar intinn acu gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar agus measfar go gcuimseoidh tagairtí do ghnóthais atá ag gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar, mar is iomchuí, tagairt do ghnóthais a bhfuil sé ar intinn acu gabháil d'oibríochtaí den sórt sin.
 - 2(a) Maidir leis na réigiúin dá dtagraítear in Airteagal 299(2) CE, is féidir leis na Ballstáit lena mbaineann na coinníollacha a oiriúnú a bheidh le comhlíonadh chun cleachtadh ghairm an oibreora iompair de bhóthar, a mhéid a dhéanfaidh gnóthais atá bunaithe ansin na hoibríochtaí go hiomlán sna réigiúin sin.
3. De mhaolú ar mhír 2, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo, mura bhforáiltear a mhalairt sa dlí náisiúnta:
 - (a) maidir le gnóthais a bheidh ag gabháil do ghairm an oibreora tharlaithe de bhóthar trí bhíthin mótarfheithiclí nó cónasc feithiclí nach mó a meáchain ualaithe ceadaithe ná 3.5 tonna. Féadfaidh na Ballstáit an tairseach sin a ísliú, áfach, do gach catagóir oibríochtaí iompair nó do chuid díobh;
 - (b) maidir le gnóthais a bheidh ag gabháil go heisiach do sheirbhísí iompair do phaisinéirí de bhóthar chun críocha neamhthráchtála nó saor in aisce, agus a bhfuil príomhghníomhaíocht acu seachas gníomhaíocht mar oibreoir iompair paisinéirí de bhóthar;

(d) maidir le gnóthais nach mbeidh ag gabháil do ghairm {...} an oibreora iompair de bhóthar ach trí bhíthin mótarfheithiclí **nach bhféadfaidh dul thar 40 km/u.**

4. Féadfaidh na Ballstáit díolúine ó chur chun feidhme fhorálacha an Rialacháin seo, nó ó chuid díobh, a thabhairt d'oibreoírí iompair de bhóthar atá ag gabháil go heisiach d'oibríochtaí iompair náisiúnta a bhfuil tionchar fíorbheag acu ar mhargadh an iompair mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- cineál na n-earraí a iompraítear, nó
- giorracht an achair atá i gceist.

Airteagal 1(a)
Sainmhínte

1. Chun críocha an Rialacháin seo:

- (a) ciallóidh "gairm an oibreora iompair de bhóthar", gairm an oibreora iompair phaisinéirí de bhóthar nó gairm an oibreora tharlaithe de bhóthar;
- (b) ciallóidh "gairm an oibreora tharlaithe de bhóthar", gníomhaíocht aon ghnóthais a dhéanann earraí a iompar ar fruilíú nó ar luaíocht, cibé acu trí bhíthin mótarfheithiclí nó trí bhíthin cónasc feithiclí;
- (c) ciallóidh "gairm an oibreora iompair phaisinéirí de bhóthar", gníomhaíocht aon ghnóthais a dhéanann, trí úsáid a bhaint as mótarfheithiclí a thógtar nó a fheistítear le bheith oiriúnach chun níos mó ná naonúr a iompar, an tiománaí san áireamh, seirbhísí iompair do phaisinéirí a chur ar fáil don phobal nó do chatagóirí áirithe úsáideoirí ar íocaíocht ón duine atá á iompar nó ó eagraí an iompair;

- (d) ciallóidh "gnóthas" aon duine nádúrtha, aon duine dlítheanach, bídís brabúsach nó ná bídhd, aon chomhlachas nó grúpa daoine gan pearsantacht dhlítheanach, bídhd sé brabúsach nó ná bídhd, nó aon chomhlacht oifigiúil, bídhd a phearsantacht dhlítheanach féin aige nó bídhd sé ag brath ar údarás a bhfuil pearsantacht den sórt sin aige atá ag gabháil d'iompar paisinéirí nó aon duine brabúsach nádúrtha nó dlítheanach atá ag gabháil d'iompar lastais;
- (e) ciallóidh "bainisteoir iompair", duine nádúrtha a bheidh fostaithe ag gnóthas, nó i gcás inar duine nádúrtha an gnóthas sin, an duine céanna sin, nó i gcás ina bhforálfar dó seo, duine nádúrtha eile a bheidh ainmnithe aige trí mheán conartha, is duine a stiúirfidh gníomhaíochtaí iompair an ghnóthais sin ar mhodh éifeachtach agus buan;
- (f) ciallóidh "údarú chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh", cinneadh riaracháin lena n-údaráítear do ghnóthas a chomhlíonann na coinníollacha dá bhforáiltear leis an Rialachán seo, gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh;
- (g) ciallóidh "údarás inniúil" údarás náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil i mBallstát a fhíoróidh, chun críche gabháil don ghairm a údarú, cibé an gcomhlíonann gnóthas na coinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo, agus ar údarás é a bhfuil an chumhacht aige an t-údarú chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh a thabhairt, a fhionraí nó a tharraingt siar;
- (h) ciallóidh "Ballstát bunaíochta", an Ballstát ina bhfuil gnóthas bunaithe, beag beann ar cibé acu an i dtír atá a thionscnamh ag a bhainisteoir iompair nó nach ea.

Airteagal 3
Ceanglais maidir le gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar

Caithfidh gnóthais a bheidh ag gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

- (a) a bheith bunaithe go héifeachtach agus ar mhodh cobhsaí i gceann de na Ballstáit mar a fhoráiltear in Airteagal 5;
- (b) dea-cháil a bheith acu mar a fhoráiltear in Airteagal 6;
- (c) an seasamh airgeadais iomchuí a bheith acu mar a fhoráiltear in Airteagal 7;
- (d) an inniúlacht ghairmiúil is gá a bheith acu mar a fhoráiltear in Airteagal 8.

Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh ceanglais fhorlíontacha bhreise a fhorchur, nach mór dóibh a bheith comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, a bheidh ar ghnóthais a chomhlíonadh chun go n-údarófar dóibh gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh.

Airteagal 4
Bainisteoir iompair

1. Ainmneoidh gnóthas a ghabhann do ghairm an oibreora iompair de bhóthar duine nádúrtha amháin ar a laghad, an bainisteoir iompair, ar duine é nó í a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3(b) agus (d) agus a chomhlíonfaidh freisin na ceanglais seo a leanas:
 - (a) caithfidh sé nó sí gníomhaíocht iompair an ghnóthais a bhainistiú go héifeachtach agus go leanúnach; agus
 - (b) beidh nasc dílis aige nó aici leis an ngnóthas, amhail a bheith fostaithe aige, a bheith ina stiúrthóir air nó ina scairshealbhóir ann, nó a bheith á riar, nó, más duine nádúrtha é an gnóthas, is eisean nó ise a bheidh sa duine sin, agus
 - (c) beidh cónaí air nó uirthi sa Chomhphobal.

2. Mura gcomhlíonfaidh gnóthas an ceanglas maidir le hinniúlacht ghairmiúil dá bhforáiltear in Airteagal 3(d), féadfaidh an t-údarás inniúil údarú a thabhairt dó gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar, gan bainisteoir iompair a bheidh ainmnithe i gcomhréir le mír 1, ar choinníoll:
- (a) go ndéanfaidh sé duine nádúrtha a bhfuil cónaí air nó uirthi sa Chomhphobal a ainmniú, ar duine é nó í a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 3(b) agus (d), agus a bhfuil an chumhacht aige nó aici trí bhíthin conartha, tascanna bainisteora iompair a fheidhmiú thar ceann an ghnóthais;
 - (b) go ndéanfaidh an Conradh a nascfaidh an gnóthas leis an mbainisteoir iompair na tascanna a bheidh le déanamh ar bhonn éifeachtach, leanúnach ag an bpáirtí lena mbaineann a shonrú, agus go léireoidh sé a fhreagrachtaí nó a freagrachtaí mar bhainisteoir iompair; is iad na tascanna a bheidh le sonrú go háirithe, tascanna a bhaineann le seirbhísiú agus cothabháil na bhfeithiclí, conarthaí agus doiciméid iompair a fhíorú, cuntasáiocht bhunúsach, ualaí nó seirbhísí a shannadh do thiománaithe agus d'fheithiclí, agus nósanna imeachta maidir le sábháilteacht a fhíorú;
 - (c) go bhféadfaidh an duine a ainmneofar, i gcáil bainisteora iompair, gníomhaíochtaí iompair suas le ceithre ghnóthas éagsúla, ar a mhéad, a bhainistiú, agus cabhlach iomlán nach mó ná 50 feithicil eatarthu á úsáid. Féadfaidh na Ballstáit líon seo na ngnóthas a laghdú agus/nó líon na gcabhlach iomlán feithiclí a bheidh á mbainistiú ag an mbainisteoir iompair a laghdú, agus,
 - (d) go bhfeidhmeoidh an duine a ainmneofar na cúraimí a shonraítear ar mhaithe leis an ngnóthas amháin agus go bhfeidhmeoidh sé nó sí a fhreagrachtaí nó a freagrachtaí go neamhspleách ar aon ghnóthais eile a éileodh go gcuirfeadh an gnóthas oibríochtaí iompair i gcrích.

3. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach bhféadfar bainisteoir iompair a ainmneofar i gcomhréir le mír 1 a údarú i gcomhréir le mír 2, nó nach n-údarófar é nó í ach i leith líon teoranta gnóthas nó i leith cabhlaigh feithiclí is lú ná mar a leagtar amach i mír 2(c).
4. Tabharfaidh an gnóthas fógra don údarás inniúil faoin mbainisteoir iompair {...} nó faoi na bainisteoirí iompair a ainmneofar.

CAIBIDIL II

Na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh

Airteagal 5

Coinníollacha a bhaineann leis an gceanglas bunaíochta

D'fhonn an ceanglas dá bhforáiltear in Airteagal 3(a) a shásamh, caithfidh an gnóthas:

- (a) bunaíocht a bheith aige, a bheidh suite sa Bhallstát sin, maille le háitreabh ina bhféadfaidh sé doiciméid ghnó a chur ar fáil ar iarraidh ón údarás inniúil, agus go háirithe a dhoiciméid chuntasaíochta uile, a dhoiciméid uile maidir le bainistíocht foirne, a dhoiciméid uile ina bhfuil sonraí maidir le ham tiomána agus tréimhsí sosa agus aon doiciméad eile nach mór rochtain a bheith ag an údarás inniúil air d'fhonn comhlíonadh na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a fhíorú; féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar ghnóthais ar a gcríoch doiciméid den sórt sin a bheith ar fáil ar a n-áitreabh tráth ar bith;
- (b) a luaithe a dheonófar údarú dó, feithicil amháin nó níos mó a bheith ar fáil aige, cibé acu ar lánúinéireacht nó, mar shampla, faoi chonradh fruilcheannaigh, faoi chonradh fruilithe nó faoi chonradh léasúcháin nó faoi chonradh ceannaigh, agus a bheidh cláraithe nó a chuirfear i gcúrsaíocht ar shlí eile i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit sin;
- (c) a oibríochtaí a dhéanamh ar mhodh éifeachtach, leanúnach i lárionad oibríochta, a bheidh suite sa Bhallstát sin agus ina mbeidh an fearas is gá.

Airteagal 6
Coinníollacha a bhaineann leis an gceanglas maidir le dea-cháil

1. Chun críocha Airteagal 3(b), [...], agus faoi réir mhír 2, cinnfidh na Ballstáit na [...] coinníollacha a chaithfidh gnóthas agus bainisteoir iompair a chomhlíonadh de bhun an Rialacháin seo d'fhonn go bhféadfadh ceachtar acu an ceanglas maidir le dea-cháil a chomhlíonadh. Agus cinneadh á dhéanamh acu i leith cibé an bhfuil na ceanglais maidir le dea-cháil á gcomhlíonadh ag gnóthas, cuirfidh na Ballstáit iompraíocht an ghnóthais, a bhainisteoirí iompair agus aon duine ábhartha eile á chinneadh ag an mBallstát, san áireamh. Aon tagairt atá san Airteagal seo do chiontuíthe, do phionóis nó do shárúithe de chuid gnóthais, cuimseoidh sí ciontaithe, pionóis nó sárúithe an ghnóthais é féin, a bhainisteoirí iompair agus aon duine ábhartha eile de réir mar a chinnfidh an Ballstát.
Beidh na ceanglais seo a leanas ar a laghad san áireamh sna coinníollacha a chinnfidh an Ballstát:
 - (a) nach bhfuil aon chúis réasúnach ann chun [...] dea-cháil an bhainisteora iompair a cheistiú nó dea-cháil an ghnóthais sin, amhail ciontú nó pionóis mar thoradh ar shárú tromchúiseach ar na rialacha náisiúnta atá i bhfeidhm sna réimsí seo a leanas:
 - (i) dlí na tráchtála,
 - (ii) dlí [...] na dócmhainneachta,
 - (iii) coinníollacha pá agus fostaíochta na gairme,
 - (iv) trácht ar bhóithre,
 - (v) dliteanas gairmiúil; agus
 - (b) nach ndearna an [...] bainisteoir iompair [...] ná an gnóthas iompair de bhóthar [...] ciontuíthe nó pionóis a thobhach i mBallstát amháin nó níos mó mar gheall ar shárúithe tromchúiseacha ar rialacha an Chomhphobail a bhaineann go háirithe leis na nithe seo a leanas:
 - (i) am tiomána agus sosanna na dtiománaithe, am oibre agus suiteáil agus úsáid gléasanna faireacháin;
 - (ii) meáchain uasta agus toisí uasta feithiclí tráchtála a úsáidtear sa trácht idirnáisiúnta;

- (iii) buncháilíocht agus oiliúint leanúnach na dtiománaithe;
- (iv) ródacmhainneacht [...] feithiclí tráchtála, lena n-áirítear an chigireacht theicniúil bhliantúil éigeantach ar mhótarfeithiclí;
- (v) rochtain ar mhargadh an tarlaithe idirnáisiúnta de bhóthar, nó de réir mar is iomchuí, rochtain ar mhargadh an iompair phaisinéirí;
- (vi) sábháilteacht maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar;
- (vii) suiteáil agus úsáid feistí teorannaithe luais i gcatagóirí áirithe feithiclí;
- (viii) ceadúnas tiomána;
- (ix) ligean isteach sa ghairm.
- (x) iompar ainmhithe

2. Chun críocha mhír 1 (b):

- (a) Má chiontaítear nó má chuirtear pionóis ar an mbainisteoir iompair nó ar na gnóthais iompair i gceann nó níos mó de na Ballstáit i gceann de na sárúithe is tromchúisí ar rialacha an Chomhphobail, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III, gabhfaidh údarás inniúil an Bhallstáit bhunaíochta air féin nós imeachta riaracháin a chomhlánú mar is cóir ar dhóigh atá iomchuí agus tráthúil, lena n-áirítear, más iomchuí, seiceáil a dhéanamh ar áitreabh an ghnóthais lena mbaineann.

Cinnfear leis an nós imeachta an freagairt dhíréireach a bheadh ann, de bharr imthosca sonracha, an dea-cháil a bhaint sa chás ar leith sin. Beidh réasúnú cuí ag aon chinneadh den sórt sin agus bonn cirt leis.

Má mheasann an t-údarás inniúil gur freagairt dhíréireach a bheadh i ndea-cháil a bhaint, féadfaidh sé a chinneadh nár cailleadh an dea-cháil. Sa chás sin, taifeadfar na cúiseanna sa chlár náisiúnta. Sonrófar líon na gcinntí sin sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 26(1).

Má mheasann an t-údarás inniúil nach freagairt dhíréireach sa bhaint dea-cháile, dá dtagraítear sa dara fomhír, caillfear dea-cháil de thoradh an chiontaithe nó an phionóis, dá dtagraítear sa chéad fomhír.

{...}⁷.

- (b) glacfaidh an Coimisiún liosta de chatagóirí, de chineálacha agus de leibhéal tromchúise maidir le sáruithe ar rialacha Comhphobail, **chomh maith leo siúd atá in Iarscríbhinn III**, [...] a [...] bhféadfaí [...] dea-cháil a chailliúint dá mbarr. [...]⁸. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh faisnéis faoina sáruithe sin, lena n-airítear faisnéis a gheofar ó Bhallstáit eile, nuair a bheidh siad ag socrú na dtosaíochtaí le haghaidh seiceálacha de bhun Airteagal 11(1a).

Glacfar na bearta a bhaineann leis an liosta sin agus a cheapfar chun eilimintí neamhriachtanacha an Rialacháin seo a leasú trína [...] fhorlíonadh, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 25(3).

Chuirge sin, déanfaidh an Coimisiún [...]

- (i) na catagóirí agus na cineálacha sáruithe is minice a chastar orthu a leagan síos;
- (ii) [...] leibhéal tromchúise na sáruithe a shainiú de réir a gcumais chun baol báis nó baol maidir le gortú tromchúiseach a chur ar fáil;
- (iii) an mhinicíocht a sholáthar lena bhféachfar ar shraith [...] sáruithe a théann thar an minicíocht sin mar sháruithe níos tromchúisí, tríd an[...] líon tiománaithe a úsáidfear le haghaidh na ngníomhaíochtaí iompair a bhainisteoidh [...] bainisteoir iompair a chur san áireamh .

3. Ní chomhlíonfar an ceanglas a bhaineann le dea-cháil go dtí go nglacfar athshlánúchán nó aon bheart comhéifeachta eile, de bhun na bhforálacha náisiúnta ábhartha atá ann.

⁷ BE and the Commission preferred to keep the comitology procedure for amending Annex III.
⁸ NL, supported by CZ and PT, rejected the application of the comitology procedure stating that the elements contained in (b) could not be considered "non-essential".

Airteagal 7
Coinníollacha maidir le ceanglas a bhaineann le seasamh airgeadais

1. Chun críocha Airteagal 3(c) beidh gnóthas in ann a oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh i rith na bliana cuntasáíochta. Chun na críche sin, ní mór don ghnóthas a thaispeáint, ar bhonn na gcuntas bliantúil arna ndeimhniú ag iniúchóir nó ag duine atá creidiúnaithe mar is iomchuí, go bhfuil caipiteal agus cúlchistí ar a laghad EUR 9 000 aige gach bliain do gach feithicil a úsáidfead agus EUR 5 000 gach bliain do gach feithicil bhreise a úsáidfead.

Chun críche an Rialacháin seo socrófar luach an Euro gach cúig bliana do na hairgeadraí nach bhfuil ag glacadh páirte sa tríú céim den Aontas Airgeadaíochta. Is iad na rátaí a bheidh le cur i bhfeidhm na rátaí a gheofar an chéad lá oibre de Dheireadh Fómhair agus a fhoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh éifeacht acu ón 1 Eanáir an bhliain féilire dár gcionn.

Tuigfead gurb iad na hítimí cuntasáíochta a shainmhínítear i dTreoir 78/660 CEE⁹ atá i gceist leis na hítimí cuntasáíochta dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an t-údarás inniúil a aontú nó a éileamh go léireoidh gnóthas a sheasamh airgeadais trí mheán deimhnithe amhail árachas dliteanais ghairmiúil ó bhanc amháin nó níos mó nó ó institiúidí airgeadais eile amháin nó níos mó, lena n-áirítear cuideachtaí árachais a mbíonn ráthaíocht i gcomhpháirt agus go leithleach á cur ar fáil acu don ghnóthas i leith na suimeanna a shonraítear sa chéad fhomhír de mhír 1. Féadfaidh na **Ballstáit** a chinneadh gur féidir an ráthaíocht a ghlaoch isteach le comhaontú an údaráis inniúil a údaraíonn cleachtadh na gairme agus nach féidir é a scaoileadh gan comhaontú an údaráis sin.

⁹ IO L 222, 14.08.78, lch. 11. Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2006/46/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 224, 16.8.2006, lch. 1).

3. Maidir leis na cuntais bhliantúla dá dtagraítear i mír (2), nó maidir leis an ráthaíocht dá dtagraítear i mír (3), agus a chaithfear a fhíorú, is cuntais iad nó is ráthaíocht í de chuid an eintitis eacnamaíoch a bheidh bunaithe ar chríoch an Bhallstáit ina n-iarrfar údarú agus ní cuntais ná ráthaíocht iad de chuid eintitis a bheidh bunaithe i mBallstát eile.

Airteagal 8

Coinníollacha a bhaineann leis an gceanglas maidir le hinniúlacht ghairmiúil

1. Chun críocha Airteagal 3(d), beidh eolas an duine nó na ndaoine lena mbaineann a fhreagróidh don leibhéal dá bhforáiltear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I sna hábhair a liostáiltear inti. Is trí scrúdú scríofa éigeantach a thaispeánfar an t-eolas sin, scrúdú ar féidir a fhorlíonadh le scrúdú béil, má chineann Ballstát amhlaidh. Eagrófar na scrúduithe sin i gcomhréir le Roinn II d'Iarscríbhinn I. Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh tréimhse oiliúna a fhorchur roimh an scrúdú.
2. Is iad na húdaráis agus na comhlachtaí atá údaraithe go cuí chuige sin ag Ballstát de réir na gcritéir a shainmhíneoidh sé féin, a fhéadfaidh na scrúduithe scríofa agus na scrúduithe béil lena mbunófar inniúlacht ghairmiúil a eagrú agus dheimhniú, agus iadsan amháin. Fíoróidh na Ballstáit go tráthrialta go bhfuil na coinníollacha faoina n-eagraíonn na húdaráis agus na comhlachtaí a d'údaraigh siad i gcomhréir le hIarscríbhinn I.
3. Féadfaidh na Ballstáit údarú, mar is iomchuí, a thabhairt do chomhlachtaí inniúla, i gcomhréir le critéir a shaineoidh na Ballstáit, chun oiliúint d'ardchaighdeán a chur ar iarrthóirí chun iad a ullmhú go héifeachtach don scrúdú mar aon le hoiliúint leanúnach chun go bhféadfaidh bainisteoirí iompair ar mian leo sin a gcuid eolais a thabhairt cothrom le dáta.

5. Féadfaidh Ballstát díolúine a thabhairt dóibh siúd a bhfuil cáilíochtaí áirithe ardoideachais nó oideachais theicniúil acu, a eisíodh sa Bhallstát sin agus a chuimsíonn eolas i leith na n-ábhar uile atá liostaithe in Iarscríbhinn I agus a bhfuil ainmnithe go sonrach chuige sin acu as an scrúdú sna hábhair a chuimsítear leis na cáilíochtaí. Ní bheidh feidhm ag an díolúine sin ach maidir leis na codanna sin d'Iarscríbhinn I a gcuimsíonn an cháilíocht na hábhair uile atá liostaithe faoin gceannteideal den chuid sin d'Iarscríbhinn I ina leith.

Féadfaidh Ballstát díolúine a thabhairt i leith codanna sonraithe den scrúdú dóibh siúd a bhfuil deimhnithe inniúlachta gairmiúla acu atá bailí d'oibríochtaí iompair náisiúnta sa Bhallstát sin¹⁰

6. Ní foláir deimhniú arna eisiúint ag an údarás nó an comhlacht dá dtagraítear i mír 2 a thabhairt ar aird mar chruthúnas ar inniúlacht ghairmiúil. Ní fhéadfar an deimhniú sin a aistriú chuig aon duine eile. Déanfar an deimhniú a tharraingt suas i gcomhréir leis an deimhniú eiseamláireach a leagtar amach in Iarscríbhinn II agus beidh séala [...] an údaráis chuí-údaraithe nó an chomhlachta chuí-údaraithe a d'eisigh é air.
7. Déanfaidh an Coimisiún Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil. Ó tharla gur le haghaidh gnéithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú a ceapadh na bearta sin, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 25(3).
8. Déanfaidh an Coimisiún malartú taithí agus malartú faisnéise idir Bhallstáit a éascú agus a spreagadh a bhaineann le hoiliúint, le scrúduithe agus le húdarú, lena n-áirítear trí aon chomhlacht a ainmneoidh an Coimisiún.

¹⁰ DE, supported by AT, proposed to add the text of Dir 96/26 Art 3 para 4b and 4c (current legislation):
"(b) Member States may exempt from examination applicants who provide proof of at least five years' practical experience in a transport undertaking at management level, provided such applicants sit a test, the arrangements for which shall be determined by the Member States in accordance with Annex I.
(c) Member States may exempt the holders of certain advanced diplomas or technical diplomas, which provide proof of a sound knowledge of the subjects listed in Annex I to be defined by them, from sitting an examination in the subjects covered by the diplomas."

Airteagal 8a (nua)
Díolúine ón scrúdú

Daoine nádúrtha ar féidir leo a chruthú go raibh gnóthas tarlaithe de bhóthar nó gnóthas iompair paisinéirí de bhóthar á bhainistiú go leanúnach acu i mBallstát sna 15 bliana dheireanacha sular tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gur féidir iad a dhíolmhú ón scrúdú is gá chun deimhniú inniúlachta gairmiúla a fháil dá dtagraítear in Airteagal 8(1).

CAIBIDIL III

Údarú agus monatóireacht

Airteagal 9 *Údaráis inniúla*

1. Déanfaidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó a ainmniú chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme i gceart an Rialachán seo. Beidh de chumhacht ag na húdaráis inniúla sin na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) iarratais a dhéanfaidh gnóthais a scrúdú;
 - (b) údaruithe a dheonú chun gabháil don ghairm, agus na húdaruithe sin a fhionraí nó a tharraingt siar;
 - (c) a dhearbhu go bhfuil duine nádúrtha mí-oiriúnach chun gníomhaíocht iompair gnóthais a bhainistiú i gcáil bainisteora iompair;
 - (d) na seiceálacha is gá a dhéanamh chun a fhíorú an gcomhlíonann gnóthas na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 3.
2. Foilseoidh na húdaráis inniúla na coinníollacha go léir a leagtar síos de bhun an Rialacháin sin, aon fhorálacha naisiúnta eile, na nósanna imeachta a bheidh le leanúint ag na hiarrthóirí leasmhara mar aon leis na míniúcháin a ghabhann leo.

Airteagal 10 *Scrúdú agus clárú a dhéanamh ar iarratais*

1. Údarófar do ghnóthas iompair a chomhlíonfaidh na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 3, tar éis dó iarratas a dhéanamh, gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar. Cinnteoidh an t-údarás inniúil [...] go sásaíonn an gnóthas a chuireann iarratas [...] isteach na ceanglais dá bhforáiltear san Airteagal sin. Féadfaidh na Ballstáit a shonrú, i reachtaíocht naisiúnta iomchuí, ré na n-údaruithe chun gabháil de ghairm an oibreora iompair de bhóthar.

Ar bhonn iarratais, féadfaidh sé teacht as toradh an mheasúnaithe sin go n-eiseofaí [...] ceadúnas Comhphobail i gcomhréir leis na Rialacháin [maidir leis an margadh tarlaithe de bhóthar agus maidir le seirbhísí cóistí agus busanna]. Féadfaidh Ballstát údarú de chineál eile, seachas ceadúnas Comhphobail, a eisiúint do ghnóthais nach mbeidh i mbun oibríochta iompair ach amháin laistigh de chríocha an Bhallstáit lena mbaineann.

2. Déanfaidh an t-údarás inniúil na sonraí a bhaineann leis na gnóthais a údaróidh sé agus dá dtagraítear in Airteagal 15.1 (a) go (d) [...] a thaifeadadh sa chlár leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 15. [...]
3. Beidh an teorainn ama chun go scrúdódh údarás inniúil iarratas ar údarú chomh gearr agus is féidir agus ní rachaidh sí thar thrí mhí ón dáta a bhfaighidh an t-údarás inniúil na doiciméid uile a bheidh riachtanach chun an t-iarratas a mheas. Féadfaidh an t-údarás inniúil síneadh a chur leis an teorainn ama sin ar feadh tréimhse breise dhá mhí i gcásanna ina mbeidh call cuí leis.
4. ¹¹ **Go dtí an 31 Nollaig 2012**, fíoróidh an t-údarás inniúil, i gcás ina mbeidh aon amhras ann, agus dea-cháil gnóthais á meas aige, nach mbeidh sé dearbhaithe - tráth an iarratais - i gceann de na Ballstáit, go bhfuil an bainisteoir iompair nó na bainisteoirí iompair a ainmníodh mí-oiriúnach chun gnóthas iompair a bhainistiú de bhun Airteagal 13.

Ón 1 Eanáir 2013 **i leith**, agus dea-cháil gnóthais á meas aige, fíoróidh an t-údarás inniúil, trí rochtain a fháil ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 15, mír 1(f), **trí rochtain dhíreach, shlán, ar an gcuid ábhartha de na cláir náisiúnta nó ar iarratas**, nach mbeidh sé dearbhaithe, i gceann de na Ballstáit - tráth an iarratais - go bhfuil an bainisteoir iompair nó na bainisteoirí iompair a ainmníodh mí-oiriúnach chun gnóthas iompair a bhainistiú de bhun Airteagal 13.

¹¹ Scrutiny reservation: NL.

[...] Na bearta a cheapfar chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú [...] ar bearta iad a bhaineann leis na dátaí dá dtagraítear sa mhír seo a chur siar [3] bliana ar a mhéid, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú [...] agus dá dtagraítear in Airteagal 25(3).

5. Laistigh de thréimhse 28 lá nó thréimhse is giorra ná sin, a fhéadfaidh Ballstát a chinneadh, tabharfaidh gnóthais a bhfuil údarú acu chun gabháil do ghairm an oibreora iompair bóthair fógra faoi aon athruithe sna sonraí dá dtagraítear i mír (2) don údarás inniúil a d'eisigh an t-údarú.

Airteagal 11
Seiceálacha

- 1(a) Déanfaidh na húdaráis inniúla monatóireacht lena sheiceáil go leanfaidh na gnóthais a údaraíonn siad chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh de bheith ag comhlíonadh na gceanglas dá bhforáiltear in Airteagal 3. Chun na críche sin, déanfaidh Ballstáit seiceálacha lena ndíreofar ar ghnóthais a bhfeicfear baol breise a bheith ag baint leo. Chuige sin, leathnóidh na Ballstáit an córas aicmithe rioscaí arna bhunú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 9 de Threoir 2006/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹² chun na sáruithe uile a shonraítear in Airteagal 6 den Rialachán seo a chuimsiú.
- 1(b) Roimh 2015, caithfidh na Ballstáit seiceálacha a dhéanamh ar a laghad gach cúig bliana chun a fhíorú go gcomhlíonfaidh gnóthais i gcónaí gach ceann de na ceanglais sin.

[...] Na bearta a cheapfar chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú [...] agus a bhaineann leis na dátaí dá dtagraítear sa mhír seo a chur siar, [...] glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú [...] agus dá dtagraítear in Airteagal 25(3).

¹² IO L 102, 11.4.2006, lch. 35.

3. Déanfaidh Ballstát seiceálacha ar leith a chur i gcrích d'fhonn a fhíorú go bhfuil na coinníollacha maidir le cead chun an ghairm a chleachtadh fós á gcomhlíonfaidh ag gnóthas, aon uair a iarrfaidh an Coimisiún air amhlaidh a dhéanamh i gcásanna cuí-réasúnaithe. Cuirfidh an Ballstát in iúl don Choimisiún torthaí na seiceálacha sin agus torthaí na mbeart a cuireadh i gcrích má shuítear nach bhfuil na coinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo á gcomhlíonadh a thuilleadh ag an ngnóthas.

Airteagal 12

Nós imeachta maidir le húdaruíthe a fhionraí agus a chúlghairm

1. Má shuíonn an t-údarás inniúil go bhfuil an baol ann nach gcomhlíonfaidh gnóthas na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 3 a thuilleadh, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra faoi sin don ghnóthas. Má shuíonn an t-údarás inniúil nach bhfuil ceann amháin nó níos mó de na ceanglais sin á gcomhlíonadh a thuilleadh, féadfaidh an t-údarás inniúil teorainn ama a thabhairt don ghnóthas chun cúrsaí a chur ina gceart laistigh de na teorainneacha seo a leanas:
- (a) teorainn ama nach faide ná sé mhí chun duine a earcú in ionad an bhainisteora iompair mura gcomhlíonann sé na coinníollacha maidir le dea-cháil nó le hinniúlacht ghairmiúil a thuilleadh agus féadfar síneadh sé mhí a chur leis an teorainn ama i gcás báis nó éagumais fhisiciúil an bhainisteora iompair;
 - (b) teorainn ama nach faide ná sé mhí a gcaithfidh an gnóthas a staid a chur ina ceart laistigh di trína thaispeáint go bhfuil bunaíocht éifeachtach chobhsaí aige;
 - (c) teorainn ama nach faide ná sé mhí mura gcomhlíonfar an ceanglas maidir le seasamh airgeadais, d'fhonn a thaispeáint go gcomhlíonfar an ceanglas maidir le seasamh airgeadais ar bhonn buan¹³.
2. Féadfaidh an t-údarás inniúil a cheangal ar ghnóthais ar fionraíodh nó ar tarraingíodh siar a n-údarú go n-éireodh lena bhainisteoir iompair sa scrúdú dá dtagraítear in Airteagal 8 roimh bheart athshlánúcháin ar bith.

¹³ Scrutiny reservation: DE.

3. Má shuíonn an t-údarás inniúil nach gcomhlíonann gnóthas ceann amháin nó níos mó de na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 3, fionróidh sé nó tarraingeoidh sé siar an t-údarú chun gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar arna dheonú do ghnóthas tráth nach déanaí ná na spriocdhátaí dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 13

Dearbhú go bhfuil bainisteoir iompair mí-oiriúnach

1. Nuair a chaillfidh bainisteoir iompair a dhea-cháil nó a dea-cháil de réir fhorálacha Airteagal 6, dearbhóidh an t-údarás go bhfuil sé nó sí mí-oiriúnach chun gníomhaíocht iompair an ghnóthais a bhainistiú.
2. Mura ndéanfar agus go dtí go ndéanfar beart athshlánúcháin de réir na bhforálacha náisiúnta, ní bheidh an deimhniú inniúlachta gairmiúla dá dtagraítear in Airteagal 8(6) de chuid an duine a dhearbhaítear a bheith mí-oiriúnach bailí a thuilleadh i mBallstát ar bith.

Airteagal 14

Cinntí ó na húdaráis inniúla agus achomhairc

1. Cinntí diúltacha a dhéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear iarratas ar ligean isteach i ngairm an oibreora iompair de bhóthar a dhiúltú nó údarú atá ann a fhionraí nó a tharraingt siar nó mí-oiriúnacht bainisteora iompair a dhearbhú, luafaidh siad na cúiseanna ar a mbeidh siad bunaithe.

Cuirfidh cinntí den sórt sin san áireamh an fhaisnéis a bheidh ar fáil maidir le sáruithe a rinne an gnóthas nó an bainisteoir iompair [...], ar sáruithe iad a d'fhéadfadh a dhea-cháil a bhaint den ghnóthas, agus aon fhaisnéis eile a bheidh faoina réir ag an údarás inniúil.

Sonrófar iontu na bearta athshlánúcháin is infheidhme i gcás údarú a fhionraí nó mí-oiriúnacht a dhearbhu.

2. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go mbeidh an deis ag na gnóthais agus ag na daoine lena mbaineann achomharc a dhéanamh ar na cinntí dá dtagraítear i mír 1 os comhair, ar a laghad, comhlacht neamhspleách neamhchlaonta amháin nó os comhair cúirte dlí.

CAIBIDIL IV

Simpliú agus comhoibriú riaracháin

Airteagal 15¹⁴
Clár leictreonacha náisiúnta

1. Chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus go háirithe Airteagail 10, 11, 12, 13, agus 26 de, coimeádfaidh gach Ballstát clár leictreonach náisiúnta de na gnóthais iompair de bhóthar atá údaraithe ag údarás inniúil arna ainmniú ag an mBallstát chun gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar. Déanfar na sonraí a bheidh sa chlár sin a phróiseáil faoi mhaoirseacht údaráis phoiblí a ainmneofar chun na críche sin. Beidh na sonraí ábhartha a bheidh sa chlár leictreonach inrochtana [...] ag údaráis inniúla uile an Bhallstáit a bheidh i gceist [...].

Eiseoidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an 1 Meitheamh 2009, treoirlínte maidir le struchtúr íosta na sonraí le cur isteach sa chlár leictreonach náisiúnta ón dáta a gcuirtear in ord é d'fhonn idirnascadh na gclár a éascú amach anseo.

Beidh na sonraí seo a leanas ar a laghad i gclár leictreonach náisiúnta Ballstáit:

- (a) ainm agus foirm dhlíthiúil an ghnóthais;
- (b) seoladh a bhunaíochta;
- (c) ainmneacha na mbainisteoirí iompair a bheidh ainmnithe chun na coinníollacha maidir le dea-cháil agus inniúlacht ghairmiúil a chomhlíonadh nó, de réir mar is iomchuí, ainm an ionadaí dhlíthiúil;

¹⁴ AT, CZ, DE, HU, LU, NL PL and PT expressed concern about the financial implications connected with the setting up of the register. AT entered a scrutiny reservation on the time limits. PT favoured a gradual approach for setting up an electronic register. BE raised concerns about the overall feasibility of the project. EL, HU, NL and PT entered a reservation on legal grounds, administrative burden and data protection concerns.

- (d) an cineál údaraithe, líon na bhfeithiclí a fholófar leis agus, i gcás inarb iomchuí, sraithuimhir an cheadúnais Chomhphobail agus sraithuimhir na gcóipeanna deimhnithe¹⁵;
- (e) líon, catagóir agus cineál na sárúithe tromchúiseacha [...], dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(b), ar tháinig ciontuithe nó pionóis astu [...] le [dhá] bhliain anuas;
- (f) ainmneacha aon duine ar dearbhaíodh é a bheith mí-oiriúnach chun gníomhaíocht iompair gnóthais a bhainistiú [...] fad is nach bhfuil dea-cháil an duine nó na ndaoine sin athbhunaithe, agus na bearta athshlánúcháin is infheidhme.

16

Chun críche (e), agus go dtí 2016¹⁷, féadfaidh na Ballstáit roghnú gan cur sa chlár ach na [...] sárúithe **is tromchúisí** dá dtagraítear in Airteagal 6 (2) (a).

Féadfaidh na Ballstáit a roghnú an fhaisnéis atá in (e) agus (f) [...] a choimeád i [...] gcláir ar leithligh. Sa chás sin, cuirfear ar fáil na sonraí ábhartha arna n-iarraidh sin nó beidh siad inrochtana go díreach ag údaráis inniúla uile na mBallstát a bheidh i gceist. Cuirfear an fhaisnéis a iarrfar ar fáil laistigh de [30] lá oibre tar éis an iarraidh a fháil.

¹⁵ UK, supported by BE, IE, SE proposed to add the following text:
 "(dd) the vehicle registration mark of each vehicle being operated under the authorisation.
 Such registration marks should be entered in the register not more than one month after the latest of the following days:
 - the day the vehicle enters the lawful possession of the operator,
 - the day on which the Community licence comes into force.
 Member States may decide to limit this requirement to those vehicles being operated outside of the undertaking's Member State of establishment."

DE and NL opposed this.

¹⁶ BE, supported by RO, SE and UK, proposed the following addition:
 "(g) in addition the national electronic register of a Member State may also contain the following data with regard to the certificates of professional competence in road haulage or passenger transport issued on its territory by the authorities and bodies accredited for this purpose according to article 8.2:
 (a) the serial number of the certificate;
 (b) the surname, forename, place and date of birth of the holder of the certificate;
 (c) the place and date of issue of the certificate."

DE, IT, and NL opposed the BE proposal.

¹⁷ CZ, FR, IT and AT proposed to include serious infringements in the register from 1 January 2020.

I gcás ar bith, ní bheidh rochtain ag údaráis **seachas** na húdaráis inniúla [...] ar an eolas atá in (e) agus (f) ach má bhíonn cumhachtaí bronnta go cuí orthu a bhaineann le maoirseacht agus le forchur [...] pionós i réimse an iompair de bhóthar agus má tá a gcuid feidhmeannach faoi mhionn nó má tá siad faoi oibleagáid fhoirmiúil rúndachta.

2. Sonraí i ndáil le gnóthas a bhfuil a údarú curtha ar fionraí nó a bhfuil a údarú tarraingthe siar [...], fanfaidh siad ar an gclár ar feadh dhá bhliain {...} **ón** lá a ndeachaidh an fionraí as feidhm nó ón lá ar tarraingíodh siar an ceadúnas [...] agus bainfear den chlár iad láithreach [...] ina dhiaidh sin.

Sonraí i ndáil le duine ar dearbhaíodh é a bheith mí-oiriúnach le haghaidh an phoist, fanfaidh siad ar an gclár fad nach n-athbhunófar cáil an duine sin de bhun na gcoinníollacha {...} a leagtar amach in Airteagal 6.3. Tar éis na bearta athshlánúcháin sin nó bearta coibhéiseacha a dhéanamh {...}, bainfear na sonraí den chlár láithreach.

Sonróidh na sonraí sin na cúiseanna is bun le fionraí nó le tarraingt siar na n-údaruithe nó an dearbhaithe mhí-oiriúnachta agus a ré faoi seach.

3. Glacfaidh na Ballstáit na bearta go léir is gá chun a chinntiú go gcoimeádfar na sonraí go léir sa chlár leictreonach cothrom le dáta agus cruinn, go háirithe na sonraí dá dtagraítear i mír (1)(e) agus (f).
4. Gan dochar do mhír 1, glacfaidh na Ballstáit na bearta go léir is gá chun a chinntiú go bhfuil na cláir leictreonacha náisiúnta inrochtana [...] ar fud an Chomhphobail trí phointí teagmhála náisiúnta mar a shainítear in Airteagal 17(2) [...]. [...] Déanfar an inrochtaineacht a chur chun feidhme trí na pointí teagmhála náisiúnta tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2012 ar dhóigh go mbeidh údarás inniúil i mBallstát ar bith in ann cláir leictreonacha na mBallstát go léir a cheadú.

5. [...] Glacfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an [...] nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25(2), na comhrialacha maidir le mír 4 a chur chun feidhme, amhail formáid na sonraí a mhalartófar [...] na nósanna imeachta teicniúla le haghaidh [...] ceadú leictreonach a dhéanamh ar [...] chláir na mBallstát agus chun idirinoibritheacht na gclár sin a chur chun cinn le bunachair sonraí ábhartha eile. Leagfar síos leis na rialacha comhchoiteanna [...] sin cé acu údarás a bheidh freagrach as an rochtain, as úsáid bhreise a bhaint as na sonraí tar éis rochtana agus as na sonraí a choimeád cothrom le dáta tar éis na rochtana agus chuige sin [...] áireofar iontu rialacha maidir le logáil agus monatóireacht a dhéanamh ar shonraí.
6. [...] Na bearta a cheapfar chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo [...] a leasú agus a bhaineann leis na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 4 a chur siar, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 25(4).

Airteagal 16
Cosaint sonraí pearsanta

Maidir le Treoir 95/46/CE a chur i bhfeidhm, áiritheoidh na Ballstáit go háirithe:

- (a) go gcuirfear gach duine ar an eolas nuair a dhéanfar sonraí ina leith a thairfeadh nó nuair a bheartófar na sonraí sin a chur ar aghaidh chuig tríú páirtithe. Sonrófar san fhaisnéis a chuirfear ar fáil céannacht an údaráis a bheidh freagrach as próiseáil na sonraí, cineál na sonraí a bheidh á bpróiseáil agus na cúiseanna;
- (b) go mbeidh ceart rochtana ag gach duine ar na sonraí a bhaineann leo a bheidh ag an údarás a bheidh freagrach as próiseáil na sonraí. Déanfar an ceart sin a áirithiú gan srian, ag eatraimh réasúnta agus gan rómhoill nó gan costas rómhór {...} don iarratasóir;

- (c) go mbeidh an ceart ag gach duine ceartú, scriosadh nó blocáil a fháil ar shonraí a bhaineann leo a bheidh neamhiomlán nó míchruinn;
- (d) go mbeidh an ceart ag gach duine, ar fhorais dhlísteanacha an-láidir, cur i gcoinne próiseála sonraí a bhaineann leo. I gcás ina mbeidh cur i gcoinne ar bhonn cirt, ní fhéadfaidh baint a bheith ag na sonraí sin leis an bpróiseáil a thuilleadh.

Airteagal 17
Comhoibriú riaracháin idir Bhallstáit

2. Déanfaidh na Ballstáit pointe teagmhála náisiúnta a ainmniú a bheidh freagrach as malartú faisnéise leis na Ballstáit eile i dtaca le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfaidh Ballstáit ainmneacha agus seoltaí a bpointí teagmhála náisiúnta a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún faoin... ar a dhéanaí. Déanfaidh an Coimisiún liosta de na pointí teagmhála go léir a chur le chéile agus cuirfidh sé an liosta sin ar aghaidh chuig na Ballstáit.
3. Ballstáit a mhalartóidh faisnéis faoi chuimsiú an Rialacháin seo, úsáidfidh siad na pointí teagmhála náisiúnta a ainmneofar de bhun mhír (2).
4. Na Ballstáit a mhalartóidh faisnéis a bhaineann leis na sáruithe dá dtagraítear in Airteagal 6(2), nó maidir le haon bhainisteoirí iompair a dhearbhófar a bheith mí-oiriúnach, comhlíonfaidh siad an nós imeachta agus na cloífidh siad leis na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. .../..., nó más iomchuí, in Airteagal 23(1) de Rialachán (CE) Uimh. .../.... Ballstát a gheobhaidh fógra faoi shárú tromchúiseach ar tháinig ciontú nó smachtbhanna ó Bhallstát eile dá thoradh, déanfaidh sé an sárú sin a thairfeadh ina chlár leictreonach náisiúnta.

CAIBIDIL V

Aitheantas frithpháirteach ar dheimhnithe agus ar dhoiciméid eile

Airteagal 18

Deimhnithe dea-cháile agus doiciméid choibhéiseacha eile

1. Gan dochar d'Airteagal 10(4), glacfaidh an Ballstát bunaíochta mar fhianaise leordhóthanach ar dhea-cháil maidir le ligean isteach i ngairm an oibreora iompair de bhóthar, go dtabharfar ar aird sliocht as taifead dlíthiúil nó, mura féidir sin, doiciméad coibhéiseach, a eiseoidh údarás dlíthiúil nó riaracháin inniúil sa Bhallstát ina mbíodh cónaí ar an mbainisteoir iompair.
2. I gcás ina gceanglóidh Ballstát ar a náisiúnaigh féin coinníollacha áirithe maidir le dea-cháil a chomhlíonadh, agus nach féidir cruthúnas go gcomhlíontar na coinníollacha sin a chur ar fáil sa doiciméad dá dtagraítear i mír (1), glacfaidh an Stát sin, mar chruthúnas leordhóthanach do náisiúnaigh de chuid Ballstát eile, le deimhniú a eiseoidh údarás dlíthiúil nó riaracháin inniúil sa Bhallstát nó sna Ballstáit ina mbíodh cónaí ar an mbainisteoir iompair ina luafar go bhfuil na coinníollacha seo comhlíonta. Bainfidh an deimhniú sin leis na fíorais shonracha a chuirfear san áireamh sa Bhallstát bunaíochta.
3. Mura mbeidh an doiciméad a éilítear de bhun mhír (1) agus mhír (2) eisithe ag an mBallstát nó ag na Ballstáit ina mbíodh cónaí ar an mbainisteoir iompair, féadfar dearbhú faoi mhionn nó dearbhú sollúnta a chur ina ionad, dearbhú a dhéanfaidh an duine lena mbaineann os comhair údaráis bhreithiúnaigh inniúil nó údaráis riaracháin inniúil nó, más iomchuí, os comhair nótaire de chuid an Bhallstáit ina mbíodh cónaí ar an mbainisteoir; déanfaidh an t-údarás sin nó an nótaire sin deimhniú a eisiúint lena ndéanfar fíordheimhniú ar an dearbhú faoi mhionn nó ar an dearbhú sollúnta.
4. Ní ghlacfar le doiciméid a eiseofar de réir mhír 1 agus mhír 2 má thugtar ar aird iad tráth níos déanaí ná trí mhí ón dáta a n-eiseofar iad. Beidh feidhm ag an gcoinníoll sin freisin maidir le dearbhuithe a dhéanfar i gcomhréir le mír (3).

Airteagal 19
Deimhnithe a bhaineann le seasamh airgeadais

I gcás ina ndéanfaidh Ballstát coinníollacha áirithe maidir le seasamh airgeadais a fhorchur ar a náisiúnaigh de bhreis ar na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 7, glacfaidh an Stát sin le deimhniú a eiseoidh údarás riaracháin inniúil sa Bhallstát nó sna Ballstáit ina mbíodh cónaí ar an mbainisteoir iompair, ina luafar gur comhlíonadh na coinníollacha sin, mar chruthúnas leordhóthanach i gcás náisiúnaigh na mBallstát eile. Bainfidh an deimhniú sin leis an bhfaisnéis shonrach a chuirfear san áireamh sa Bhallstát bunaíochta nua.

Airteagal 20
Deimhnithe inniúlachta gairmiúla

1. Déanfaidh na Ballstáit aitheantas mar fhianaise leordhóthanach ar inniúlacht ghairmiúil a thabhairt do dheimhnithe a chomhlíonfaidh múnla an deimhnithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II a eiseoidh na húdaráis nó na comhlachtaí atá cuí-údaráithe chun na críche sin.
2. Deimhnithe a eiseofar roimh [dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] mar fhianaise ar inniúlacht ghairmiúil de bhun na bhforálacha a bhí i bhfeidhm go dtí an dáta sin, measfar iad a bheith coibhéiseach leis an deimhniú a ndéantar múnla de a leagan amach in Iarscríbhinn II agus aithneofar iad mar fhianaise ar inniúlacht ghairmiúil sna Ballstáit go léir. Iad siúd a bhfuil deimhniú inniúlachta gairmiúla acu nach bhfuil bailí ach le haghaidh an iompair náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go mbeidh orthu pas a fháil sa scrúdú nó i gcodanna den scrúdú de bhun Airteagal 8.

CAIBIDIL VI

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 21 *Pionóis*

1. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar fhorálacha an Rialacháin seo, agus glacfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear na pionóis sin chun feidhme. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtúil, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na forálacha sin don Choimisiún laistigh de [24 mhí ón dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm] ar a dhéanaí agus aon leasú ina dhiaidh sin a mbeadh tionchar aige orthu, tabharfaidh siad fógra faoi don Choimisiún gan mhoill. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm gan idirdhealú a dhéanamh ar bhonn náisiúntacht ná áit bhunaíochta an ghnóthais.
2. Áireofar go háirithe sna pionóis dá dtagraítear i mír 1 fionraí an údaraithe chun gabháil don ghairm, tarraingt siar an údaraithe sin agus dearbhú mí-oiriúnachta na mbainisteoirí iompair a bheidh i gceist.

Airteagal 23 *Forálacha idirthréimhseacha*

Gnóthais a bhfuil údarú acu, roimh an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm, chun gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar, comhlíonfaidh siad forálacha an Rialacháin seo tráth nach déanaí ná [dhá] bhliain tar éis an dáta sin.

Airteagal 24
Cúnamh frithpháirteach

Comhoibreoidh údaráis inniúla na mBallstát go dlúth agus tabharfaidh siad cúnamh frithpháirteach dá chéile chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Malartóidh na húdaráis inniúla faisnéis faoi chiontuithé agus faoi phionóis le haghaidh sárúithe tromchúiseacha agus maidir le fíorais shonracha eile ar dóigh go mbeadh iarmhairtí acu do chleachtadh ghairm an oibreora iompair de bhóthar, de réir na bhforálacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí príobháideacha.

Airteagal 25
Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Coiste a cuireadh ar bun le hAirteagal 18(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85¹⁸ cúnamh don Choimisiún.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 3 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.
3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a (1), (2), (3) agus (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Airteagal 26
Tuarascálacha maidir le cleachtadh na gairme

1. Ullmhóidh na Ballstáit tuarascáil gach dhá bhliain¹⁹ maidir le gníomhaíochtaí na n-údarás inniúil agus cuirfidh siad ar aghaidh chuig an gCoimisiún í. Is éard a bheidh sa tuarascáil sin:

¹⁸ IO L 370, 31.12.1985, lch. 8. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1791/2006 ón gCoimisiún (IO L 363, 20.12.2006, lch. 1).

¹⁹ Reservation: PT.

- (a) forbhreathnú ar an earnáil i dtaca le dea-cháil, seasamh airgeadais agus inniúlacht ghairmiúil;
- (b) líon na n-údaruithe a tugadh, de réir bliana agus de réir cineáil, líon na n-údaruithe a fionraíodh, líon na n-údaruithe a tarraingíodh siar, líon na ndearbhuithe mí-oiriúnachta mar aon leis na cúiseanna a bhí leo;
- (c) líon na ndeimhnithe inniúlachta gairmiúla a eisíodh gach bliain;
- (d) príomhstaitisticí maidir le cláir leictreonacha náisiúnta agus an úsáid a bhaineann na húdaráis inniúla astu; agus
- (e) forbhreathnú ar na malartuithe faisnéise leis na Ballstáit eile, ina mbeidh go háirithe líon bliantúil na sáruithe a fuarthas agus ar tugadh fógra ina leith do Bhallstáit eile agus na freagraí a fuarthas de bhun Airteagal 17(3), agus líon bliantúil na n-iarrataí agus na bhfreagraí a fuarthas de bhun Airteagal 17(4).

2. Ar bhonn na dtuarascálacha náisiúnta sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cleachtadh ghairm an oibreora iompair de bhóthar a tharraingt suas gach dhá bhliain don Pharlaimint agus don Chomhairle. Beidh sa tuarascáil sin go háirithe measúnú ar oibriú an mhalartaithe faisnéise idir Bhallstáit agus athbhreithniú ar fheidhmiú na gelár náisiúnta leictreonacha agus ar na heilimintí atá iontu. Foilseofar an tuarascáil sin an tráth céanna leis an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006²⁰.

²⁰ IO L 102, 11.4.2006, lch. 1.

Airteagal 27
Liosta de na húdaráis inniúla

Cuirfidh gach Ballstát ar aghaidh chuig an gCoimisiún ar dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar a dhéanaí, liosta de na húdaráis inniúla a bheidh ainmnithe aige chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh, mar aon le liosta de na húdaráis údaraithe nó de na comhlachtaí údaraithe a bheidh freagrach as na scrúduithe a eagrú agus as na deimhnithe a eisiúint. Foilseoidh an Coimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* liosta comhdhlúite de na húdaráis nó de na comhlachtaí sin ar fud an Chomhphobail.

Airteagal 28
Bearta náisiúnta a chur in iúl

Déanfaidh na Ballstáit téacs na ndlíthe, na rialachán, nó na bhforálacha riaracháin den dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse atá faoi rialú ag an Rialachán seo a chur in iúl don Choimisiún tráth nach déanaí ná [30] lá tar éis an lae a nglacfar iad agus, den chéad uair, tráth nach déanaí ná an lá a gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm.

Airteagal 29
Aisghairm

Aisghairtear leis seo Treoir 96/26/CE.

Airteagal 30
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige le héifeacht 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm dó.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an [...]

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

[...]

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

[...]

IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

I. LIOSTA DE NA HÁBHAIR DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 8

Ní mór ar a laghad na hábhair a liostaítear thíos maidir le tarlú de bhóthar agus iompar paisinéirí de bhóthar a bheith ar áireamh san eolas a chuirfear san áireamh chun inniúlacht ghairmiúil a aithint go hoifigiúil. I ndáil leis na hábhair sin, caithfidh an leibhéal eolais agus an cumas praiticiúil is gá chun bainistiú a dhéanamh ar ghnóthas iompair a bheith ag iarratasóirí ar phoist mar oibreoirí tarlaithe de bhóthar agus ag iarratasóirí ar phoist mar oibreoirí iompair paisinéirí de bhóthar.

Ní fhéadfaidh an leibhéal íosta eolais, mar a shonraítear thíos, a bheith níos lú ná leibhéal 3 de struchtúr na leibhéal oiliúna a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 85/368/CEE²¹ ón gComhairle, is é sin le rá an leibhéal a bhaintear amach le linn oideachais éigeantaigh arna fhorlíonadh le hoiliúint ghairmiúil agus le hoiliúint theicniúil bhreise, nó le hoiliúint theicniúil mheánscoile nó eile.

A. An dlí sibhialta

Tarlú de bhóthar agus iompar paisinéirí de bhóthar

Caithfidh an t-iarrthóir go háirithe:

- (1) cur amach a bheith aige ar na príomhchineálacha conarthaí a úsáidtear san iompar de bhóthar agus ar na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn astu;
- (2) a bheith in ann conradh iompair a bheidh bailí ó thaobh dlí de a chaibidil, go háirithe ó thaobh coinníollacha iompair de;

²¹ IO L 199, 31.7.1985, lch. 56.

Tarlú de bhóthar

- (3) a bheith in ann éileamh a phríomhaí a mheas maidir le cúiteamh as cailteanas earraí nó as damáiste d'earraí le linn a n-iompair nó as seachadadh déanach, agus tuiscint a bheith aige ar an tionchar a bheadh ag éileamh dá leithéid ar a dhliteanas conarthach;
- (4) cur amach a bheith aige ar na rialacha agus ar na hoibleagáidí a eascraíonn as Coinbhinsiún CMR ar an gConradh le haghaidh Iompair Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar;

Iompar paisinéirí de bhóthar

- (5) a bheith in ann éileamh a phríomhaí a mheas maidir le damáiste do phaisinéirí nó dá mbagáiste le linn timpiste i rith an iompair nó maidir le cúiteamh as moilleanna, agus tuiscint a bheith aige ar an tionchar a bheadh ag éileamh dá leithéid ar a dhliteanas conarthach.

B. An dlí tráchtála

Tarlú de bhóthar agus iompar paisinéirí de bhóthar

Caithfidh an t-iarrthóir go háirithe:

- (1) cur amach a bheith aige ar na coinníollacha agus ar na foirmiúlachtaí atá leagtha síos maidir le cleachtadh na gairme, ar na hoibleagáidí ginearálta atá ar thrádálaithe (clárú, cuntais a choimeád etc.) agus ar iarmhairtí na féimheachta;
- (2) eolas iomchuí a bheith aige ar na cineálacha éagsúla cuideachtaí tráchtála atá ann agus ar na rialacha a bhaineann lena mbunú agus lena n-oibriú.

C. An dlí sóisialta

Tarlú de bhóthar agus iompar paisinéirí de bhóthar

Caithfidh an t-iarrthóir go háirithe:

- (1) cur amach a bheith aige ar ról agus ar fheidhm na n-institiúidí sóisialta éagsúla a bhaineann le hearnáil an iompair de bhóthar (ceardchumann, comhairlí oibreacha, maoir cheardchumann, cigirí saothair, etc.);
- (2) cur amach a bheith aige ar na hoibleagáidí a bhíonn ar fhostóirí maidir le slándáil shóisialta;
- (3) cur amach a bheith aige ar na rialacha lena rialaítear conarthaí oibre do na catagóirí éagsúla oibrithe a bhíonn fostaithe ag gnóthais iompair de bhóthar (foirm na gconarthaí, oibleagáidí na bpáirtithe, coinníollacha oibre agus uaireanta oibre, saoire le pá, luach saothair, sárú conartha, etc.);
- (4) cur amach a bheith aige ar na rialacha is infheidhme maidir le ham tiomána, maidir le tréimhsí sosa agus maidir le ham oibre, go háirithe forálacha Rialachán (CE) Uimh. 561/2006²² ón gComhairle, Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85²³ ón gComhairle, forálacha Threoir 2002/15/CE agus forálacha Threoir 2006/22/CE agus na socrúithe praiticiúla chun na forálacha sin a chur i bhfeidhm;
- (5) cur amach a bheith aige ar na rialacha is infheidhme maidir le buncháilíochtaí agus le hoiliúint leanúnach na dtiománaithe, go háirithe na rialacha a dhíorthaíonn ó Threoir 2003/59/CE.

D. An dlí fíoscach

Tarlú de bhóthar agus iompar paisinéirí de bhóthar

Caithfidh an t-iarrthóir, go háirithe, cur amach a bheith aige ar na rialacha lena rialaítear na nithe seo a leanas:

- (1) an CBL ar sheirbhísí iompair;
- (2) an cháin ar mhótarfheithiclí;

²² IO L 102, 11.4.2006, lch. 1.

²³ IO L 370, 31.12.1985, lch. 8.

- (3) na cánacha ar fheithiclí áirithe tarlaithe de bhóthar mar aon leis na dolaí agus na muirir le haghaidh lucht úsáidte bonneagair;
- (4) an cháin ioncaim.

E. Bainistiú gnó agus airgeadais an ghnóthais

Tarlú de bhóthar agus iompar paisinéirí de bhóthar

Caithfidh an t-iarrthóir go háirithe:

- (1) cur amach a bheith aige ar na dlíthe agus ar na cleachtais a bhaineann le húsáid seiceanna, billí malairte, nótaí gealltanais, cártaí creidmheasa agus bealaí nó modhanna eile íocaíochta;
- (2) cur amach a bheith aige ar na foirmeacha éagsúla creidmheasa (creidmheas bainc, creidmheas doiciméadach, taiscí ráthaíochta, morgáistí, léasú, tógáil ar cíos, fachtóireacht, etc.) agus ar na muirir agus ar na hoibleagáidí a eascraíonn astu;
- (3) fios a bheith aige cad is clár comhardaithe ann, conas a leagtar amach é agus conas é a léiriú;
- (4) a bheith in ann cuntas sochair agus dochair a léamh agus a léiriú;
- (5) a bheith in ann brabúsacht agus staid airgeadais an ghnóthais a mheas, go háirithe ar bhonn cóimheas airgeadais;
- (6) a bheith in ann buiséad a ullmhú;
- (7) cur amach a bheith aige ar ghnéithe costais a ghnóthais (costais sheasta, costais athraitheacha, caipiteal oibre, dímhéas, etc.) agus a bheith in ann na costais a ríomh in aghaidh na feithicle, in aghaidh an chiliméadair nó in aghaidh an tonna;
- (8) a bheith in ann cairt eagraíochta a tharraingt suas d'fhoireann an ghnóthais ina hiomláine agus pleananna oibre etc. a eagrú.;
- (9) cur amach a bheith aige ar phrionsabail na margaíochta, na poiblíochta agus an chaidrimh phoiblí lena n-áirítear seirbhísí iompair, tionscnamh díolacháin agus comhaid chustaiméirí a ullmhú, etc.;
- (10) cur amach a bheith aige ar na cineálacha éagsúla árachais a bhaineann le hiompar de bhóthar (árachas dliteanais árachas um ghortú tionóisceach/árachas saoil, árachas neamhshaoil, árachas bagáiste) mar aon leis na ráthaíochtaí agus na hoibleagáidí a eascraíonn uathu;
- (11) cur amach a bheith aige ar an gcaoi a mbaintear feidhm as tarchur leictreonach sonraí i réimse an iompair de bhóthar;

Tarlú de bhóthar

- (12) a bheith in ann na rialacha lena rialaítear sonrascadh seirbhísí tarlaithe de bhóthar a chur i bhfeidhm mar aon agus fios a bheith aige an bhrí agus na himpleachtaí atá ag Incoterms;
- (13) cur amach a bheith aige ar na catagóirí éagsúla cúntóirí iompair, a ról, a bhfeidhmeanna agus, i gcás inarb iomchuí, a stádas;

Iompar paisinéirí de bhóthar

- (14) a bheith in ann na rialacha lena rialaítear táillí agus praghsanna i dtaca le hiompar poiblí agus le hiompar príobháideach paisinéirí a chur i bhfeidhm;
- (15) a bheith in ann na rialacha lena rialaítear sonrascadh seirbhísí iompair paisinéirí de bhóthar a chur i bhfeidhm.

F. Rochtain ar an margadh

Tarlú de bhóthar agus iompar paisinéirí de bhóthar

Caithfidh an t-iarrthóir go háirithe:

- (1) cur amach a bheith aige ar na rialacháin cheirde lena rialaítear iompar de bhóthar ar fruiliú nó ar luaíocht, nó cíos agus fochonraitheoireacht feithiclí tionsclaíocha, agus go háirithe na rialacha lena rialaítear eagrú oifigiúil na gairme, ligean isteach sa ghairm, údaruithe le haghaidh oibríochtaí iompair de bhóthar laistigh den Chomhphobal agus lasmuigh de, cigireachtaí agus pionóis;
- (2) cur amach a bheith aige ar na rialacha a bhaineann le gnóthas iompair de bhóthar a chur ar bun;
- (3) cur amach a bheith aige ar na doiciméid éagsúla is gá chun seirbhísí iompair de bhóthar a oibriú, agus a bheith in ann nósanna imeachta seiceála a thabhairt isteach chun a áirithiú go ndéanfar na doiciméid fhorhmeasta a bhaineann le gach oibríocht iompair, go háirithe na doiciméid a bhaineann leis an bhfeithicil, leis an tiománaí, leis na hearraí nó leis an mbagáiste, a choimeád san fheithicil agus in áitreabh an ghnóthais;

Tarlú de bhóthar

- (4) cur amach a bheith aige ar na rialacha a bhaineann le heagrú an mhargaidh i dtaca le seirbhísí iompair earraí, le láimhseáil lasta agus lóistíocht;
- (5) cur amach a bheith aige ar na foirmiúlachtaí ag teorainneacha, maidir le ról agus raon feidhme dhoiciméid T agus carnets TIR agus maidir leis na hoibleagáidí agus na freagrachtaí a eascraíonn as a n-úsáid;

Iompar paisinéirí de bhóthar

- (6) cur amach a bheith aige ar na rialacha maidir le heagrú an mhargaidh in iompar paisinéirí de bhóthar;
- (7) cur amach a bheith aige ar na rialacha chun seirbhísí iompair a thionscnamh agus a bheith in ann pleananna iompair a tharraingt suas.

G. Caighdeáin theicniúla agus gnéithe teicniúla oibriúcháin

Tarlú de bhóthar agus iompar paisinéirí de bhóthar

Caithfidh an t-iarrthóir go háirithe:

- (1) cur amach a bheith aige ar na rialacha a bhaineann le meáchain agus toisí feithiclí sna Ballstáit agus ar na nósanna imeachta atá le leanúint i gcás ualaí neamhghnácha ar eisceacht iad ó na rialacha sin;
- (2) a bheith in ann feithiclí agus a gcomhpháirteanna (fonnadh, inneall, córas tarchurtha, córas coscánaithe, etc.) a roghnú de réir riachtanais an ghnóthais;
- (3) cur amach a bheith aige ar na nósanna imeachta a bhaineann le cineálcheadú, le clárú agus le hiniúchadh teicniúil na bhfeithiclí sin;
- (4) tuiscint a bheith aige ar na bearta a chaithfear a dhéanamh d'fhonn torann a laghdú agus truailliú aeir trí astaíochtaí sceite mótarfeithiclí a chomhrac;
- (5) a bheith in ann pleananna tréimhsiúla cothabhála a tharraingt suas d'fheithiclí agus dá dtrealamh;

Tarlú de bhóthar

- (6) cur amach a bheith aige ar na cineálacha éagsúla gaireas maidir le láimhseáil agus lódáil lasta (cúlchláir, coimeádáin, pailléid, etc.) agus a bheith in ann nósanna imeachta a thabhairt isteach agus treoracha a eisiúint maidir le hearraí a lódáil agus a dhílódáil (dáileadh lasta, cruachadh, stuáil, blocáil, daingniú, etc.);
- (7) cur amach a bheith aige ar theicníochtaí éagsúla an mhuiniompair agus an iompair chomhcheangailte rolladh ann - rolladh as;
- (8) a bheith in ann nósanna imeachta a chur chun feidhme chun na rialacha a bhaineann le hiompar earraí contúirteacha agus le hiompar dramhaíola a chomhlíonadh, go háirithe na rialacha a eascraíonn as Treoir 94/55/CE²⁴ ón gComhairle, as Treoir 96/35/CE²⁵ ón gComhairle, agus as Rialachán (CE) Uimh. 259/93²⁶ ón gComhairle;
- (9) a bheith in ann na nósanna imeachta a chur chun feidhme chun na rialacha a bhaineann le hiompar earraí meatacha a chomhlíonadh, go háirithe na rialacha a eascraíonn as an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Bia Meatacha agus maidir leis an Trealamh Speisialta atá le húsáid i ndáil leis an Iompar sin (ATP);
- (10) a bheith in ann nósanna imeachta a chur chun feidhme chun na rialacha a bhaineann le hiompar ainmhithe beo a chomhlíonadh.

H. Sábháilteacht ar bhóithre

Tarlú de bhóthar agus iompar paisinéirí de bhóthar

Caithfidh an t-iarrthóir go háirithe:

- (1) fios a bheith aige cé na cáilíochtaí a cheanglaítear a bheith ag tiománaithe (ceadúnas tiomána, deimhnithe dochtúra, deimhnithe infheidhmeachta, etc.);
- (2) a bheith in ann na bearta is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh tiománaithe na rialacha tráchta, na toirmisc nó na srianta atá i bhfeidhm i mBallstáit éagsúla (luasteorainneacha, tosaíochtaí, srianta feithimh agus páirceála, úsáid soilse, comharthaí bóthair, etc.);

²⁴ IO L 319, 12.12.1994, lch. 7.

²⁵ IO L 145, 19.6.1996, lch. 10.

- (3) a bheith in ann treoracha do thiománaithe a tharraingt suas chun comhlíonadh na gceanglas sábháilteachta ag tiománaithe a sheiceáil i dtaca le staid na bhfeithiclí, a dtrealaimh agus a lasta, agus i dtaca leis na bearta coisctheacha a bheidh le glacadh;
- (4) a bheith in ann na coinníollacha a leagan síos a bheidh le leanúint i gcás timpiste agus nósanna imeachta iomchuí a chur chun feidhme chun atarlú timpistí nó cionta tromchúiseacha tráchta a sheachaint;
- (5) a bheith in ann nósanna imeachta a chur chun feidhme chun earraí a dhaingniú i gceart agus a bheith ar an eolas maidir leis na teicníochtaí comhfhreagracha;

Iompar paisinéirí de bhóthar

- (6) buneolas a bheith aige ar leagan amach ghréasán bóithre na mBallstát.

²⁶ IO L 30, 6.2.1993, lch. 1.

II. EAGRÚ AN SCRÚDAITHE

1. Eagróidh na Ballstáit scrúdú scríofa éigeantach a fhéadfaidh siad a fhorlíonadh le scrúdú béil roghnach chun a chinntiú go bhfuil an leibhéal eolais is gá ag na hiarratasóirí ar phoist mar oibreoirí tarlaithe sna hábhair a liostaítear i gCuid I, go háirithe a gcumas na hionstraimí agus na teicnící a ghabhann leo a úsáid agus na dualgais fheidhmiúcháin agus chomhordaitheacha a chomhfhreagraíonn dóibh a chomhlíonadh.

(a) Beidh dhá thástáil i gceist leis an scrúdú scríofa, eadhon:

- ceisteanna scríofa ar ceisteanna ilroghnacha iad (ceithre fhreagra a d'fhéadfadh a bheith ar gach ceist), ceisteanna a éilíonn freagraí díreacha, nó meascán den dá chóras;
- cleachtaí scríofa/cás-staidéir.

Dhá uair an chloig ar a laghad a mhairfidh na tástálacha seo.

(b) I gcás ina n-eagrófar scrúdú béil, féadfaidh na Ballstáit a ordú go mbeadh rannpháirtíocht ann faoi réir scrúdú scríofa a bheith déanta acu ar éirigh leo ann.

2. I gcás ina n-eagróidh na Ballstáit scrúdú béil freisin, caithfidh siad, maidir le gach ceann de na trí thástáil, foráil a dhéanamh d'ualú marcanna, ar 25 % ar a laghad de líon iomlán na marcanna a thabharfar a bheidh ann agus 40 % ar a mhéad.

I gcás nach n-eagróidh na Ballstáit ach scrúdú scríofa, caithfidh siad, maidir le gach ceann de na tástálacha, foráil a dhéanamh d'ualú marcanna, ar 40 % ar a laghad de líon iomlán na marcanna a thabharfar a bheidh ann agus 60 % ar a mhéad.

3. Maidir leis na tástálacha go léir, ní mór d'iarratasóirí 60 % ar a laghad a ghnóthú mar mheán de líon iomlán na marcanna a bheidh le bronnadh, ach gan níos lú ná 50 % de líon iomlán na marcanna a d'fhéadfaí a bhaint amach a ghnóthú in aon tástáil faoi leith. Féadfaidh Ballstát an marc sin a ísliú ó 50 % go dtí 40 % in aon tástáil amháin.

IARSCRÍBHINN II A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

AN COMHPHOBAL EORPACH

(Páipéar láidir ar dhath osbhuí²⁷ – páipéar ceallalóis, Formáid DIN A4, 100 g/m² nó níos mó)

(An téacs i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla nó i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit a eisíonn an deimhniú)

Ní mór don doiciméad ar a laghad dhá ghné de na gnéithe slándála seo a leanas a bheith aige:

- holagram;
- snáithíní speisialta sa phaipéar a thagann chun sofheictheachta faoi sholas ultravialait;
- líne mhicreaphrionta amháin ar a laghad (nach mbeidh a chló sofheicthe ach le gloine formhéadúcháin agus nach bhféadfar a atáirgeadh le meaisíní fótachóipeála);
- carachtair thadhlaigh, siombail nó patrúin;
- uimhriú dúbailte: sraithuimhir [...] agus uimhir eisiúna;
- cúlra deartha slándála a bhfuil patrúin mhíne guilloche air agus priontáil bogha ceatha;

Comhartha sainiúil an Bhallstáit lena mbaineann²⁸

Ainm an údaráis [...] **údaraithe** nó an chomhlachta **údaraithe**

²⁷ Mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2007/59 é, i.e. an dath tagartha: osbhuí: Pantone

²⁸ Comhartha sainiúil an Bhallstáit lena mbaineann An Bheilg, (BG) An Bhulgáir, (CZ) Poblacht na Seice, (DK) An Danmhairg, (D) An Ghearmáin, (EST) An Eastóin, (IRL) Éire, (GR) An Ghréig, (E) An Spáinn, (F) An Fhrainc, (I) An Iodáil, (CY) An Chipir, (LV) An Laitvia, (LT) An Liotuáin, (L) Lucsamburg, (H) An Ungáir, (MT) Málta, (NL) An Ísiltír, (A) An Ostair, (PL) An Pholainn, (P) An Phortaingéil, (RO) An Rómáin, (SLO) An tSlóivéin, (SK) An tSlóvaic, (FIN) An Fhionlainn, (S) An tSualainn, (UK) An Ríocht Aontaithe.

**DEIMHNIÚ INNIÚLACHTA GAIRMIÚLA DO THARLÚ
DE BHÓTHAR [D'IOMPAR PAISINÉIRI²⁹]**

Uimh.....

Déanaimidne
a dheimhniú leis seo maidir le³⁰
a rugadhi/in/sa.....

gur éirigh leis/léi sna tástálacha le haghaidh an scrúdaithe (bliain:....; seisiún:.....) is gá d'fhonn deimhniú inniúlachta gairmiúla a fháil do tharlú de bhóthar [iompar paisinéir]³¹ tarlú de bhóthar [iompar paisinéir] i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh..../....an.....

Is leor an deimhniú seo mar chruthúnas ar an inniúlacht ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 20(1) de Rialachán (CE) Uimh..../.....an ...lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh.

Arna eisiúint i/in/sa, an.....³²

²⁹ Scrios de réir mar is cuí.

³⁰ Sloinne agus túsainm; áit agus dáta ar rugadh é.

³¹ Scrios de réir mar is cuí.

³² Stampa agus síniú an chomhlachta údaraithe a bhfuil an deimhniú á eisiúint aige.

IARSCRÍBHINN III³³ A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Seo a leanas liosta na sárúithe is tromchúisí dá dtagraítear in Airteagal 6.2 (a):

1. (a) Dul 25 % nó níos mó thar na huasteorainneacha ama tiomána do thréimhsí 6 lá nó coicíse.

(b) Dul 50 % thar an uasteorainn tiomána laethúil le linn tréimhse laethúla oibre, gan sos ná tréimhse leanúnach scíthe 4,5 uaire a chloig ar a laghad a thógáil.
2. Gan tacagraf agus/nó sriantóir luais a bheith feistithe nó gaireas calaoiseach a úsáid atá in ann taifid an trealaimh thairfeadta agus/nó an tsriantóra luais a mhodhnú nó bileoga thairfeadta nó sonraí a íoslódáiltear ón tacagraf agus/nó an cárta tiomána a fhalsú.
3. Tiomáint gan deimhniú bailí ródacmhainneachta má cheanglaítear a leithéid de dhoiciméad faoi dhlí an Chomhphobail agus/nó, inter alia, córas coscánaithe, nó nascáil stiúrtha, rothaí/bonn, crochadh nó fonnadh atá an-easnamhach [...] agus a chruthódh a leithéid de bhaol láithreach do shábháilteacht ar bhóithre go gcinntear bac gluaiseachta a chur ar an bhfeithicil dá thoradh.

4³⁴. {...}

Earraí contúirteacha a iompar a bhfuil toirmeasc ar a n-iompar nó iad a iompar i ngabhdán a bhfuil toirmeasc air nó nach bhfuil formheasta nó iad a iompar gan taispeáint ar an bhfeithicil gur earraí contúirteacha iad, sa treo gur a leithéid de chúis contúirte iad don bheatha nó don chomhshaol ar bhealach go gcinntear bac gluaiseachta a chur ar an bhfeithicil dá thoradh³⁵.

³³ Reservation: AT.

³⁴ Reservation: NL.

³⁵ Scrutiny reservation: Commission.

5. Paisinéirí nó earraí a iompar gan Ceadúnas Tiomána bailí nó é á dhéanamh ag gnóthas nach sealbhóir Ceadúnais bailí Chomhphobail é.
- 6³⁶. Úsáid á baint ag tiománaí as cárta tiománaí a falsaíodh, nó as cárta nárbh eisean a shealbhóir nó a fuarthas ar bhonn dearbhuithe bréagacha agus/nó ar bhonn doiciméid a bhrionnú.
7. Earraí a iompar lena sáraítear an t-uasmeáchan ualaithe ceadaithe de bhreis is 20 % nó níos mó i gcás feithiclí ar mó ná 12 thonna é a n-uasmeáchan ualaithe ceadaithe, agus de bhreis is 25 % nó níos mó i gcás feithiclí nach mó ná 12 thonna a n-uasmeáchan ualaithe ceadaithe .

³⁶ Reservation: CZ.